


TIONCHAIRÍ AIRGEADAIS

Moltaí maidir le cur chun cinn freagrach



Ní hionann táirge nó seirbhís airgeadais a chur chun cinn agus bróga nó uaireadóirí a chur chun cinn. D'fhéadfadh **iarmhairtí airgeadais diúltacha** suntasacha a bheith aige do do chuid leantóirí. Ní mór duit réamhchúraimí breise a ghlacadh. Bí ar an eolas faoi na pointí seo a leanas.

1. SEACHAIN TRIOBLÓID A THARRAINGT ORT FÉIN



Fiú mura bainc éirí nó gairmí airgeadais thú, tá tú fós freagrach as an méid a phostálann tú.

Is féidir le poist mhíthreoracha nó mheargánta dochar a dhéanamh do do chuid leantóirí – agus **d'fhéadfai freagracht dhlíthiúil a chur ort as aon drochthoradh ar thomhaltóirí.**

2. ABAIR MÁ TÁ ÍOCAÍOCHT NÓ SOCHAR EILE Á F(H)ÁIL AGAT



Má tá airgead, bronnánais nó buntáistí á bhfáil agat chun rud éigin a chur chun cinn, ná coinneigh faoi cheilt é – **abair amach go breá soiléir é.** Ná bíodh sé i dtéacs beag agat. Nó, ná bíodh sé curtha le haischlíbeanna amháin. Úsáid focail mar: 'Fógra', 'Comhpháirtíocht íochta', nó 'Urraithe', nó bain úsáid as fógra meirge comhtháite an ardáin.

Chomh maith leis sin, más rud é go bhfuil **infheistíocht déanta** agat **cheana féin** sa mhéid atá á phostáil agat, nó go **rachadh sé chun sochair duit** dá gceannódh daoine eile é – **abair é sin freisin.**

3. AN mBÍONN TÚ AG CAINT FAOI DHEISEANNA INFHEISTÍOCHTA?



Is féidir riosca an-ard a bheith ag baint le roinnt infheistíochtaí a bhíonn á margú go minic ag tionchairí airgeadais – amhail conarthaí difríochta (CFDanna), airgeadraí eachtracha, todhchaíochtaí, tionscnaimh sluachistiúcháin áirithe, nó criptea-airgeadraí luaineacha – lena n-áirítear an fhéidearthacht go gcaillfidh tú 100 % den chaipiteal a infheistíonn tú.

Déan cinnte go bhfuil an méid a deir tú **fíor, cothrom, soiléir agus nach bhfuil sé míthreorach.**

Déan idirdhealú idir firicí agus tuairimí.

4. GEALLTANNAIS MHÓRA, RIOSCAÍ MÓRA

Bíodh tuiscint agat ar na gnéithe a bhaineann leis an méid atá á chur chun cinn agat, go háirithe má tá aird á tarraingt agat ar tháirgí a bhfuil riosca ag baint leo amhail CFDanna, airgeadraí eachtracha, todhchaíochtaí nó criptea-shócmhainní. Bí macánta. **Tarraing aird ar na rioscaí, ní hamháin ar na sochair.** Ná bí ag cur brú nó ag cruthú práinne **trí rudaí amhail "déan do shaibhreas go tapa" a rá.** Mar is féidir le daoine airgead a chailleadh freisin – go tapa.

Más cosúil go bhfuil sé ró-mhaith le bheith fíor, is dócha go bhfuil. Is féidir leat trioblóid a tharraingt ort féin agus ar do leantóirí trí tháirgí, ardáin nó aipeanna amhrasacha a chur chun cinn. Mar sin, **seiceáil** i gcónaí go bhfuil gnólacht nó ardán ar leith údaraithe sula bpostálann tú faoi. Mura bhfuil, d'fhéadfá a bheith páirteach i gcamscéim.



5. AN FÉIDIR LIOM MOLTAÍ A DHÉANAMH AGUS/NÓ

COMHAIRLE A CHUR AR FÁIL?

Is ionann comhairle infheistíochta agus a bheith ag rá le daoine cé na rudaí ar cheart dóibh infheistiú iontu ⁽¹⁾ – nó cé na rudaí ba cheart dóibh a sheachaint.

Más mian leat é sin a dhéanamh, beidh ceadúnas de dhíth ort arna dheonú ag d'údarás inniúil náisiúnta.

Mar sin, mura bhfuil tú ceadúnaithe nó údaraithe chun comhairle infheistíochta a sholáthar, **ná tabhair moltaí pearsantaithe maidir le cad ba cheart a cheannach, a dhíol nó a shealbhú.**

Fiú amháin **do thuairim a roinnt go poiblí** faoi cé acu a rachaidh nó nach rachaidh scair nó criptea-airgeadra suas nó síos – nó straitéis infheistíochta a chur chun cinn – is féidir é **sin a áireamh mar mholadh infheistíochta** ⁽²⁾, a bhféadfaidh feidhm a bheith ag rialacha maidir leis.

I gcomhthéacsanna áirithe, d'fhéadfai féachaint ar oiliúint nó ábhar oideachais a sholáthar mar chomhairle nó mar mholtaí.

Sna cásanna sin, ní chosnóidh séanadh amhail 'Ní comhairle infheistíochta é seo' thú.

6. NÁ LIG ORT FÉIN GUR SAINEOLAÍ THÚ

Mura bhfuil tuiscint iomlán agat ar tháirge – ná bí ag labhairt faoi amhail is go bhfuil.

Ní gá duit céim airgeadais a bheith agat chun postáil, ach d'fhéadfadh droch-mholtaí **a bheith ina gcúis le fiordhiobháil do do leantóirí – agus duitse.**

7. RIALACHA NÁISIÚNTA AGUS TREOIR DO THIONCHAIRÍ

AIRGEADAIS

[Social Media Influencer Guidance - Advertising Standards Authority](#)

8. NAISC CHUIG SUÍOMHANNA GRÉASÁIN NÓ ÚDARÁIS

NÁISIÚNTA

[Crypto | Central Bank of Ireland](#)

⁽¹⁾ Comhfhreagraíonn soláthar moltaí pearsantaithe do chomhairle infheistíochta agus is seirbhís infheistíochta é a bhfuil ceadúnas ag teastáil ina leith.

⁽²⁾ Nuair a bheidh tú ag postáil ar na meáin shóisialta, tá trédhearcacht agus cruinneas rithábachtach, go háirithe agus moltaí á ndéanamh agat maidir le hinfeistíochtaí. Ciallaíonn sé sin, más tionchaire airgeadais, saineolaí teicniúil nó duine ag a bhfuil leas in infheistíochtaí airgeadais thú, nach mór duit a bheith ar an eolas faoi na rialacha a bunaíodh faoin Rialachán Eorpach maidir le Drochúsáid Mhargaidh agus a bheith in ann moladh infheistíochta a aithint. Seiceáil an [Rabhadh ó ESMA do dhaoine a phostaíonn Moladh Infheistíochta ar na meáin shóisialta](#).

NÁ TÉIGH SA SEANS:

- Bí macánta.
- Bí soiléir.
- Ná lig saineolas ort féin.
- Ná bí mithreorach nó ná tabhair comhairle.
- Abair má tá íocaíocht á fáil agat.
- Smaoinigh sula bpostálann tú; nuair a bhíonn amhras ort: ná postáil.

**Moltaí
maidir le cur
chun cinn
freagrach**



Nil an bhileog eolais seo beartaithe mar chomhairle dlí ná mar léirmhíniú rialála ar rialacha a d'fhéadfadh a bheith infheidhme. Tá sé beartaithe mar threoir ghinearálta amháin. Déan do dhícheall cuí féin: is ortsa atá an fhreagracht tuiscint a bheith agat ar aon fhreagracht dhlíthiúil a d'fhéadfadh a bheith ort.